COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

PUBLIC

**AD 28/24**

**LIMITE**

**CONF-ME 14**

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>– Caibidil 20: Beartas fiontraíochta agus tionsclaíoch |

## COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

**Caibidil Caibidlíochta 20: Beartas fiontraíochta agus tionsclaíoch**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a d'fhormhuinigh an Chomhdháil Aontachais (AD 20/13 CONF- ME 16), go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní bheidh sí ina réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirtchomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;

Tá an seasamh ón Aontas Eorpach bunaithe freisin ar na riachtanais a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais, agus é á thabhairt dá aire aige go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas, chun chur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus molann sé dó beartais agus ionstraimí, a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais, a bheith forbartha aige cheana féin roimh an aontachas.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sa seasamh AD 7/13 (CONF-ME 5) agus san aguisín AD 7/13 ADD 1 (CONF-ME 5) uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 20 mar atá i bhfeidhm ón 12 Nollaig 2024, agus go ndearbhaíonn Montainéagró go mbeidh sé faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.



PUBLIC

*Prionsabail maidir leis an mbeartas fiontraíochta agus tionsclaíoch*

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil roinnt straitéisí glactha agus curtha chun feidhme ag Montainéagró, nó go bhfuil siad á gcur chun feidhme aige faoi láthair, ar straitéisí iad lena dtacaítear leis an mbeartas fiontraíochta agus tionsclaíoch.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil trí straitéis maidir leis an mbeartas tionsclaíoch glactha ag Montainéagró do na blianta 2016-2020 (BT 2020), 2019-2023 (BT 2023) agus, i mí Lúnasa 2024, 2024-2028 (BT 2028). Tugann an tAontas faoi deara freisin go raibh torthaí soiléire ar an meastóireacht deiridh a rinne meastóir seachtrach ar BT 2023 maidir lena chur chun feidhme.

Tugann an tAontas dá aire gur dréachtaíodh BT 2028 i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i mbeartas tionsclaíoch an Aontais agus i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach i dteachtaireachtaí COM(2010) 614, COM(2012) 582, COM(2017) 479 agus COM(2020) 102 ón gCoimisiún, arna thabhairt cothrom le dáta le COM(2021) 350. Tugann an tAontas dá aire gur ghlac an rialtas BT 2028 i gcomhar le Ciste Forbartha Infheistíochta Mhontainéagró, leis an Oifig Staidrimh, leis an gComhlachas Tráchtála, le Cónaidhm Fostóirí Mhontainéagró, agus tar éis comhairliúchán poiblí le raon leathan páirtithe leasmhara. Aithníonn an tAontas freisin go gcomhtháthaítear in BT 2028 prionsabail agus cuspóirí ábhartha Straitéis Mhontainéagró um Speisialtóireacht Chliste.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a thug Montainéagró ina léirítear gurb éard atá san fhaireachán agus sa mheastóireacht ar BT 2028 sásra faireacháin lena ngabhann pleananna gníomhaíochta leathbhliantúla/bliantúla, chomh maith le meastóireacht sa bhliain deiridh den chur chun feidhme. Molann an tAontas do Mhontainéagró pleananna gníomhaíochta ilbhliantúla a fhorbairt agus leanúint de thuarascálacha cur chun feidhme rialta a thabhairt don Choimisiún. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró beartais agus gníomhaíochtaí a áireamh go sainráite, arb é is aidhm dóibh spleáchais straitéiseacha a laghdú, go háirithe i réimsí criticiúla, chun cuimsitheacht BT 2028 a neartú.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire a thiomanta atá Montainéagró feabhas a chur ar a chreat beartais fiontraíochta agus ar an timpeallacht ghnó, lena n-áirítear trí straitéisí a ghlacadh as a chéile chun fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a fhorbairt, trí fheabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí poiblí atá ceaptha do FBManna, agus i réimse an cheadúnaithe gnó agus na rochtana ar mhaoiniú. Tugann an tAontas faoi deara freisin go bhfuil Montainéagró ailínithe le sainmhíniú an Aontais ar FBManna, a áirítear i Moladh C(2003) 361 ón gCoimisiún.

Tugann an tAontas dá aire gur chloígh Montainéagró freisin le beartais de chuid an Aontais darb aidhm fiontraíocht na mban agus oideachas fiontraíochta ar feadh an tsaoil a fhorbairt agus gur ghlac sé straitéisí agus pleananna gníomhaíochta sna réimsí sin.

Tugann an tAontas dá aire iarrachtaí Mhontainéagró an timpeallacht ghnó agus beartais fiontraíochta a fheabhsú a thuilleadh tríd an gclár chun an geilleagar neamhfhoirmiúil a chur faoi chois a ghlacadh le haghaidh na tréimhse ó 2024 go 2026 agus trí athchóirithe cuimsitheacha a thionscnamh in earnáil na bhfiontar atá faoi úinéireacht an stáit. Molann an tAontas do Mhontainéagró obair leantach a dhéanamh maidir le cur chun feidhme tráthúil na n-athchóirithe tábhachtacha sin, go háirithe faoi chuimsiú Chlár Oibre Athchóirithe Mhontainéagró a comhaontaíodh le déanaí, a ghabhann leis an bPlean Fáis do na Balcáin Thiar.

Tá an tAontas ag súil go gcuirfidh Montainéagró an straitéis i ndáil leis an mbeartas tionsclaíoch dá dtagraítear thuas chun feidhme ina iomláine agus iarrann sé ar Mhontainéagró é a choinneáil ar an eolas go rialta faoin bhforbairt a dhéanfar agus na céimeanna a thabharfar maidir le prionsabail an bheartais fiontraíochta agus thionsclaíoch.

*Ionstraimí beartais fiontraíochta agus thionsclaíoch*

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil roinnt blianta caite ag Montainéagró mar rannpháirtí i gcláir an Aontais lena dtacaítear leis an bhfiontraíocht, leis an iomaíochas agus leis an nuálaíocht. Ghlac Montainéagró páirt sa Chlár Fiontraíochta agus Nuálaíochta den Chlár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta 2007-2013 agus sa Chlár um Iomaíochas na bhFiontar agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide 2014-2020 (COSME).



PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas rannpháirtíocht Mhontainéagró i gClár an Aontais don Mhargadh Aonair, ag díriú dó ar thrí cinn dá cholúin (feabhas a chur ar an margadh inmheánach, FBManna, tomhaltóirí). Sa chomhthéacs sin, tugann an tAontas faoi deara go bhfuil rannpháirtíocht sa Líonra Fiontar Eorpach faoi Chlár an Mhargaidh Aonair ábhartha go háirithe d'fhorbairt FBManna i Montainéagró. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró leanúint de chomhpháirtíochtaí trasnáisiúnta a fhorbairt in éiceachórais thionsclaíocha agus i líonraí braislí.

Aithníonn an tAontas go bhfuil sraith ionstraimí náisiúnta forbartha ag Montainéagró agus go bhfuil gníomhaireachtaí cur chun feidhme bunaithe aige chun tacaíocht airgeadais agus seirbhísí a chur ar fáil do ghnólachtaí. Tugann an tAontas dá aire go bhfeidhmíonn Ciste Forbraíochta Infheistíochta Mhontainéagró mar shásra chun rochtain ar mhaoiniú a éascú d'earnáil na FBManna, i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa. Tugann an tAontas faoi deara freisin go bhfuil an Ciste Forbraíochta sin le claochlú i mBanc Forbartha Mhontainéagró agus, i measc feidhmeanna eile, go soláthróidh sé árachas onnmhairiúcháin d'oibreoirí eacnamaíocha. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil Ciste Ráthaíochta Creidmheasa, a bhfuil tacaíocht an stáit aige, á bhunú faoi láthair, rud a chuirfeadh feabhas breise ar an rochtain ar chistiú d'fhiontair, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe mná, agus molann sé do Mhontainéagró an beart sin a thabhairt chun críche.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil Montainéagró díreach tar éis glacadh leis an Dlí maidir le spriocdhátaí chun oibleagáidí airgeadais a shocrú, atá ailínithe le Treoir 2011/07/AE maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis thréimhsiúil a thabhairt don Choimisiún Eorpach maidir lena chur chun feidhme.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint de bheith ag áirithiú go n-ailíníonn údaráis náisiúnta agus comhlachtaí ábhartha leis an *acquis* agus go gcuireann siad é chun feidhme go dtí dáta an aontachais agus iarrann sé ar Mhontainéagró an tAontas a chur ar an eolas go rialta faoi na forbairtí maidir le hionstraimí beartais fiontraíochta.

<u>*Beartais earnála*</u>

Ós rud é gur earnáil shuntasach de gheilleagar Mhontainéagró í an turasóireacht, a ghineann 30 % dá OTI, geall leis, tugann an tAontas dá aire gur ann do Straitéis Forbartha Turasóireachta 2022-2025, agus go mbaineann sí sin le Straitéis na tíre um Speisialtóireacht Chliste, ina bhfuil an turasóireacht inbhuanaithe agus an turasóireacht sláinte ar na hearnálacha speisialtóireachta a roghnaíodh. Tugann an tAontas faoi deara, sa chomhthéacs sin, gurb iad na treoirphrionsabail don earnáil sna blianta amach romhainn éagsúlú na tairisceana turasóireachta, cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua agus digitiú i ngnólachtaí turasóireachta, chomh maith le tiomantas d'fhorbairt inbhuanaithe na turasóireachta glaise.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den obair ar bheartais straitéiseacha in earnálacha éagsúla agus prionsabail bheartais reatha an Aontais a chomhtháthú sna straitéisí sin.

* * *

I bhfianaise an mhéid thuas, tugann an tAontas dá aire, ag an gcéim seo, nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh faoin gcaibidil seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú leis an *acquis* agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas in iúl go ndíreoidh sé go sonrach ar fhaireachán na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas, lena n-áirítear d'fhonn acmhainneacht riaracháin Mhontainéagró agus a chumas an reachtaíocht a ailíniú i ngach réimse faoin gcaibidil seo a áirithiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí caibidlíochta eile. Is ag céim níos faide anonn san idirbheartaíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró leis an *acquis* agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis*.



PUBLIC

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an Aontas filleadh ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sa seasamh AD 7/13 (CONF-ME 5) agus san aguisín AD 7/13 ADD 1 (CONF-ME 5) uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 20 mar atá i bhfeidhm ón 12 Nollaig 2024, agus go ndearbhaíonn Montainéagró go mbeidh sé faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé leis an bpróiseas ailínithe leis an *acquis* agus go mbeidh sé faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 12 Nollaig 2024 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC